Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**10119/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0166(NLE)**

**AELE 48**
**MI 377**
**FL 23**
**ISL 24**
**N 33**
**ENER 242**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh) |

**CINNEADH (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2894/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[2] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus Treoir (AE) 2018/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], ba cheart iad a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Tá roinnt forálacha i dTreoir 2012/27/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/2002 ar gá iad a oiriúnú go substainteach chun sainiúlachtaí Chomhaontú LEE agus Stáit CSTE a léiriú.

---

2 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

3 Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/27/oj).

4 Treoir (AE) 2018/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (IO L 328, 21.12.2018, lch. 210, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2002/oj).

(5) Ós rud é nach bhfuil feidhm ag príomhspriocanna an Aontais do 2020 agus 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i ndáil le Stáit CSTE, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagal 1(1) de Threoir 2012/27/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/2002 agus Airteagail 3(1)(a) agus 3(5) de Threoir 2012/27/AE maidir le Stáit CSTE. Mar sin féin, leag Stáit CSTE amach ar bhealach deonach a spriocanna náisiúnta táscacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, mar a leagtar amach i nDearbhú Stáit CSTE atá i gceangal leis an gCinneadh ó Chomhchoiste LEE.

(6) In Airteagal 5 de Threoir 2012/27/AE tagraítear do na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá le comhlíonadh bunaithe ar Airteagal 4 de Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Is iomchuí cead a thabhairt don Íoslainn a hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh i bhfoirgnimh an rialtais láir bunaithe ar a reachtaíocht náisiúnta, ós rud é go bhfuil maolú ag an Íoslainn ar Threoir 2010/31/AE a ionchorprú ina dlí náisiúnta.

(7) Is iomchuí freisin Airteagal 20(5) de Threoir 2012/27/AE a oiriúnú, go háirithe trí thagairt níos ginearálta d'Airteagal 5 a chur in ionad na tagartha d'Airteagal 5(1) chun na hoiriúnuithe a rinneadh faoi na forálacha deireanacha sin a léiriú.

(8) Ba cheart coigilteas fuinnimh nua atá le baint amach ag an Íoslainn de bhun Airteagal 7(1) de Threoir 2012/27/AE a shocrú ar leibhéal a léiríonn sainiúlachtaí mhargadh fuinnimh agus mheascán fuinnimh na hÍoslainne.

---

[5] Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153 18.6.2010, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/31/oj).

(9) Ós rud é go bhfuil córas fuinnimh na hÍoslainne leithlisithe, beagnach saor ó bhreosla iontaise, go bhfuil leibhéil arda slándála soláthair agus neamhspleáchais fuinnimh aige, agus go bhfuil sé ag brath go forleathan ar fhuinneamh geoiteirmeach in-athnuaite a bhfuil saintréithe speisialta aige, is iomchuí maolú a cheadú don Íoslainn ar cheanglais áirithe a mhéid a bhaineann le méadrú a leagtar amach in Airteagail 9a, 9b agus 9c de Threoir 2012/27/AE.

(10) Ós rud é nach bhfuil aon bhonneagar gáis nádúrtha ag an Íoslainn agus go bhfuil sí díolmhaithe ó Threoir 2009/73/CE maidir leis an margadh inmheánach do ghás nádúrtha, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagail 9 agus 10 de Threoir 2012/27/AE a mhéid a bhaineann le méadrú i gcomhair gáis nádúrtha agus faisnéis bhilleála maidir leis an Íoslainn.

(11) Ós rud é nach bhfuil feidhm ag Treoir 2004/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] maidir le comhghiniúint gheoiteirmeach san Íoslainn, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagal 14 agus Airteagal 15 de Threoir 2012/27/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/2002 a chomhghaolaítear le Treoir 2004/8/CE maidir leis an Íoslainn.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[6] Treoir 2004/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le comhghiniúint a chur chun cinn bunaithe ar éileamh teasa úsáidigh sa mhargadh inmheánach fuinnimh agus lena leasaítear Treoir 92/42/CEE (IO L 52, 21.02.2004, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/8/oj).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*